2025/1943

30.9.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1943 ÓN gCOIMISIÚN

an 29 Meán Fómhair 2025

lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin tagartha le haghaidh deimhnithe cáilithe le haghaidh ríomhshínithe agus deimhnithe cáilithe le haghaidh ríomhshéalaí

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE ([1]), agus go háirithe Airteagail 28(6) agus 38(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá ról ríthábhachtach ag deimhnithe cáilithe le haghaidh ríomhshínithe agus deimhnithe cáilithe le haghaidh ríomhshéalaí i dtimpeallacht an ghnó dhigitigh tríd an aistriú ó phróisis thraidisiúnta pháipéarbhunaithe go cinn choibhéiseacha leictreonacha a chur chun cinn. Trí shonraí bailíochtaithe ríomhshínithe nó sonraí bailíochtaithe ríomhshéala a nascadh le duine nádúrtha nó dlítheanach faoi seach agus trí ainm an duine sin a dheimhniú, cuireann deimhnithe cáilithe leis an gcinnteacht maidir le céannacht an tsínitheora agus céannacht chruthaitheoir an tséala.

(2) Níor cheart feidhm a bheith ag an toimhde comhlíontachta a leagtar síos in Airteagal 28(6) agus Airteagal 38(6) de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ach amháin i gcás ina gcomhlíonann seirbhísí iontaoibhe cáilithe le haghaidh eisiúint deimhnithe cáilithe le haghaidh ríomhshínithe agus seirbhísí iontaoibhe cáilithe chun deimhnithe cáilithe a eisiúint le haghaidh ríomhshéalaí na caighdeáin a leagtar amach sa Rialachán seo. Ba cheart na caighdeáin sin a bheith ina léiriú ar chleachtais sheanbhunaithe agus ba cheart iad a aithint go forleathan laistigh de na hearnálacha ábhartha. Ba cheart iad a oiriúnú chun go n-áireofaí leo rialuithe breise lena n-áirithítear slándáil agus iontaofacht na seirbhísí iontaoibhe cáilithe agus inneachar na ndeimhnithe cáilithe.

(3) Má chloíonn soláthraí seirbhísí iontaoibhe leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, ba cheart do chomhlachtaí maoirseachta a thoimhdiú go bhfuil ceanglais ábhartha Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 á gcomhlíonadh agus breithniú cuí a dhéanamh ar an toimhde sin chun stádas cáilithe na seirbhíse iontaoibhe a dheonú nó a dheimhniú. Mar sin féin, féadfaidh soláthraí cáilithe seirbhísí iontaoibhe brath fós ar chleachtais eile chun comhlíonadh cheanglais Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 a léiriú.

(4) Déanann an Coimisiún measúnú tráthrialta ar theicneolaíochtaí, cleachtais, caighdeáin nó sonraíochtaí teicniúla nua. I gcomhréir le hAithris 75 de Rialachán (AE) 2024/1183 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), ba cheart don Choimisiún an Rialachán Cur Chun Feidhme seo a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta, más gá, chun é a choimeád i gcomhréir le forbairtí domhanda, leis an gcreat ailtireachta agus tagartha, agus chun na dea-chleachtais ar an margadh inmheánach a leanúint.

(5) Tá feidhm ag Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), agus, i gcás inarb ábhartha, ag Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) maidir le gach gníomhaíocht próiseála sonraí pearsanta faoin Rialachán seo.

([1]) IO L 257, 28.8.2014, lch. 73, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/910/oj.

([2]) Rialachán (AE) 2024/1183 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 a mhéid a bhaineann leis an gCreat Eorpach um Chéannacht Dhigiteach a bhunú (IO L, 2024/1183, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1183/oj).

([3]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).

([4]) Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le príobháideachas a chosaint san earnáil cumarsáide leictreonaí (an Treoir maidir le príobháideachas agus cumarsáid leictreonach) (IO L 201, 31.7.2002, lch. 37, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2002/58/oj).

(6) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]) agus thug sé a thuairim uaidh an 6 Meitheamh 2025.

(7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an choiste a bunaíodh le hAirteagal 48 de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Caighdeáin tagartha agus sonraíochtaí le haghaidh deimhnithe cáilithe le haghaidh ríomhshínithe agus ríomhshéalaí

1. Leagtar amach na caighdeáin agus na sonraíochtaí tagartha dá dtagraítear in Airteagal 28(6) de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

2. Leagtar amach na caighdeáin agus na sonraíochtaí tagartha dá dtagraítear in Airteagal 38(6) de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Meán Fómhair 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([5]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

IARSCRÍBHINN I

Liosta caighdeán tagartha agus sonraíochtaí le haghaidh deimhnithe cáilithe le haghaidh ríomhshínithe

Tá feidhm ag na caighdeáin ETSI EN 319 411-2 V2.6.1 ('ETSI EN 319 411-2'), ETSI EN 319 412-1 V1.6.1 ('ETSI EN 319 412-1'), ETSI EN 319 412-2 V2.4.1 ('ETSI EN 319 412-2'), agus ETSI EN 319 412-5 V2.5.1 ('ETSI EN 319 412-5') leis na hoiriúnuithe seo a leanas:

1. Le haghaidh ETSI EN 319 411-2

(1) 2.1 Tagairtí normatacha

— [1] ETSI EN 319 401 V3.1.1 (2024-06) 'Ríomhshínithe agus Bonneagair Iontaoibhe; Ceanglais Bheartais Ghinearálta le haghaidh Soláthraithe Seirbhísí Iontaoibhe'.

— [2] ETSI EN 319 411-1 V1.5.1 (2025-04) 'Ríomhshínithe agus Bonneagair Iontaoibhe; Ceanglais bheartais agus slándála do sholáthraithe seirbhísí iontaoibhe a eisíonn deimhnithe; Cuid 1: Ceanglais ghinearálta', leis na hoiriúnuithe seo a leanas:

Clásal 2.1 Déanfar tagairtí normatacha ETSI EN 319 411-1 V1.5.1 a leasú mar a leanas:

— [9] ETSI EN 319 401 V3.1.1 (2024-06) 'Ríomhshínithe agus Bonneagair Iontaoibhe; Ceanglais Bheartais Ghinearálta le haghaidh Soláthraithe Seirbhísí Iontaoibhe'.

— [10] ETSI EN 319 412-2 V2.4.1 'Ríomhshínithe agus Ríomhbhonneagair; Próifílí Deimhnithe; Cuid 2: Próifíl deimhnithe le haghaidh deimhnithe arna n-eisiúint do dhaoine nádúrtha'.

— [14] ETSI EN 319 412-1 V1.6.1 'Ríomhshínithe agus Ríomhbhonneagair; Próifílí Deimhnithe; Cuid 1: Forléargas agus struchtúir choiteanna sonraí'.

— [3] ETSI EN 319 412-5 V2.5.1 'Ríomhshínithe agus Bonneagair Iontaoibhe; Próifílí Deimhnithe; Cuid 5: RáitisRC'.

— [5] ETSI EN 319 412-1 V1.6.1 'Ríomhshínithe agus Bonneagair Iontaoibhe; Próifílí Deimhnithe; Cuid 1: Forléargas agus struchtúir choiteanna sonraí'.

— [6] CEN/TS 419261:2015 'Ceanglais slándála le haghaidh córais iontaofa lena mbainistítear deimhnithe agus stampaí ama'.

— [7] An Grúpa Eorpach um Dheimhniú Cibearshlándála, Foghrúpa maidir le Cripteagrafaíocht: 'Sásraí Cripteagrafacha Comhaontaithe' arna bhfoilsiú ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil ('ENISA') ([1]).

— [8] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/482 ón gCoimisiún ([2]) lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2019/881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le glacadh na scéime Eorpaigh um dheimhniú cibearshlándála bunaithe ar Chritéir Choiteanna (SEDC).

— [9] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3144 ón gCoimisiún ([3]) lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/482 a mhéid a bhaineann leis na caighdeáin idirnáisiúnta is infheidhme agus lena gceartaítear an Rialachán Cur Chun Feidhme sin.

— [10] ISO/IEC 15408:2022 (codanna 1 go 5): 'Slándáil faisnéise, cibearshlándáil agus cosaint príobháideachais – Critéir mheastóireachta maidir le slándáil TF'.

— [11] FIPS PUB 140-3 (2019) 'Ceanglais Slándála maidir le Modúil Chripteagrafacha'.

([1]) https://certification.enisa.europa.eu/publications/eucc-guidelines-cryptography_en.
([2]) IO L, 2024/482, 7.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/482/oj.
([3]) IO L, 2024/3144, 19.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/3144/oj.

(2) 5.2 Ceanglais maidir le Ráiteas Cleachtais Deimhniúcháin

— OVR-5.2-02 Sonrófar sa phointe/sna pointí rialaithe a shainaithnítear i ndoiciméadacht an SSI na ceanglais maidir le próifílí deimhnithe atá le húsáid.

(3) 5.3 Ainm agus aitheantas bheartas an deimhnithe

— OVR-5.3-01 Má dhéantar aon athrú ar phointe rialaithe mar a thuairiscítear i gclásal 4.2.2 a dhéanann difear don infheidhmeacht, ansin athrófar an t-aitheantóir beartais.

(4) 6.1 Freagrachtaí foilseacháin agus stóir

— OVR-6.1-02 Beidh an fhaisnéis a shainaithnítear in DIS-6.1-04 de ETSI EN 319 411-1 [2] ar fáil go poiblí agus go hidirnáisiúnta.

(5) 6.2.2 Bailíochtú aitheantais tosaigh

— REG-6.2.2-01A Déanfar bailiú tréithe agus fianaise ar chéannacht an ábhair chomh maith lena mbailíochtú mar a shonraítear i gcomhréir leis na gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun Airteagal 24(1c) de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 [i.1].

— REG-6.2.2-02 [QCP-n] agus [QCP-n-qscd] Déanfar céannacht an duine nádúrtha agus, más infheidhme, aon tréithe sonracha de chuid an duine, a fhíorú i gcomhréir leis na gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun Airteagal 24(1c) de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 [i.1].

— NÓTA 1 ar neamhní.

(6) 6.3.3 Eisiúint deimhnithe

— GEN-6.3.3-01 Beidh feidhm ag na ceanglais GEN-6.3.3-01 go GEN-6.3.3-10 a shainaithnítear in ETSI EN 319 411-1 [2], clásal 6.3.3.

— GEN-6.3.3-02 [COINNÍOLLACH] Má eisítear deimhniú do dhuine nádúrtha a shainaithnítear i gcomhar leis an duine dlítheanach, déanfaidh na tréithe ábhair lena sainaithnítear an eagraíocht sa deimhniú ionadaíocht ar dhuine dlítheanach nó ar fho-eintiteas an duine dhlítheanaigh sin agus is é an duine nádúrtha a bheidh san aitheantóir ábhair sa deimhniú.

— GEN-6.3.3-03 Is é [ROGHA] a bheidh mar aitheantóir CP:

(a) [QCP-n]

— mar a shonraítear i gclásal 5.3, mír (a), agus/nó

— OID, arna leithdháileadh ag an SSI, páirtí leasmhar ábhartha eile nó caighdeánú breise le haghaidh beartas deimhnithe lena bhfeabhsaítear na ceanglais bheartais chomhfhreagracha is infheidhme a shainítear sa doiciméad seo.

(b) [QCP-n-QSCD]

— mar a shonraítear i gclásal 5.3, mír (c), agus/nó

— OID, arna leithdháileadh ag an SSI, páirtí leasmhar ábhartha eile nó caighdeánú breise le haghaidh beartas deimhnithe lena bhfeabhsaítear na ceanglais bheartais chomhfhreagracha is infheidhme a shainítear sa doiciméad seo.

(7) 6.3.5 Úsáid Péire agus Deimhnithe Eochrach

— SDP-6.3.5-02A [COINNÍOLLACH] Má bhainistíonn SSI QSCD don ábhar, beidh an SSI ina sholáthraí cáilithe seirbhísí iontaoibhe a sholáthraíonn seirbhís iontaoibhe cháilithe chun gléas cruthaithe ríomhshínithe cáilithe cianda a bhainistiú, i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 [i.1].

— SDP-6.3.5-11A Áireofar an méid seo a leanas in oibleagáidí an rannpháirtí (féach clásal 6.3.4) má ghineann an síntiúsóir nó an t-ábhar eochracha an duine is ábhar:

(a) oibleagáid eochracha an ábhair a ghiniúint trí úsáid a bhaint as algartam a chomhlíonann na Sásraí Cripteagrafacha Comhaontaithe arna bhformhuiniú ag an nGrúpa Eorpach um Dheimhniú Cibearshlándála [7] agus arna bhfoilsiú ag ENISA le haghaidh úsáidí na heochrach deimhnithe mar a shainaithnítear sa phointe rialaithe;

(b) oibleagáid eochairfhad agus algartam a úsáid a chomhlíonann na Sásraí Cripteagrafacha Comhaontaithe arna bhformhuiniú ag an nGrúpa Eorpach um Dheimhniú Cibearshlándála [7] agus arna bhfoilsiú ag ENISA le haghaidh úsáidí na heochrach deimhnithe mar a shainaithnítear sa phointe rialaithe le linn am bailíochta an deimhnithe.

(8) 6.3.10 Seirbhísí Stádais Deimhnithe

— CSS-6.3.10-08 [COINNÍOLLACH] Má sholáthraítear CRLanna, caomhnóidh an SSI sláine agus infhaighteacht an CRL deiridh ar feadh na tréimhse a shonraítear in CPS mar a iarrtar in CSS-6.3.10-12 ar a laghad.

(9) 6.4.4 Rialuithe Pearsanra

— OVR-6.4.4-02 Beidh pearsanra SSI i róil iontaofa, agus más infheidhme a fhochonraitheoirí i róil iontaofa, in ann an ceanglas maidir le 'saineolas, taithí agus cáilíochtaí' a chomhlíonadh trí oiliúint fhoirmiúil agus dintiúir, nó trí thaithí iarbhír, nó trí mheascán den dá cheann.

— OVR-6.4.4-03 Áireofar le comhlíonadh OVR-6.4.4-02 nuashonruithe rialta (gach 12 mhí ar a laghad) ar bhagairtí nua agus ar chleachtais slándála reatha.

— OVR-6.4.4-04 Anuas ar na róil iontaofa a shainaithnítear in ETSI EN 319 401 [1], (clásal 7.2-15), tacófar le róil iontaofa na n-oifigeach clárúcháin agus cúlghairme a bhfuil freagrachtaí orthu mar a shainmhínítear in TS 419261 [6]. I gcásanna ina bhfuil QTSP á bhainistiú go díreach ag Ballstát nó ag comhlacht earnála poiblí nó á oibriú thar a gceann, féadfaidh ionadaí foirmiúil amháin nó níos mó, ag gníomhú dóibh thar ceann agus thar ceann na n-oifigeach clárúcháin agus cúlghairme atá i gceannas i riaracháin áitiúla nó réigiúnacha, na róil iontaofa bhreise sin a chomhlíonadh.

(10) 6.4.9 Foirceannadh CA nó RA

— OVR-6.4,9-02 Comhlíonfaidh plean foirceanta SSI na ceanglais a leagtar amach sna gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun Airteagal 24(5) de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 [i.1].

(11) 6.5.1 Giniúint agus Suiteáil Eochairphéire

— OVR-6.5.1-01A Déanfar giniúint eochairphéire CA trí úsáid a bhaint as algartam a chomhlíonann na Sásraí Cripteagrafacha Comhaontaithe arna bhformhuiniú ag an nGrúpa Eorpach um Dheimhniú Cibearshlándála agus arna bhfoilsiú ag ENISA [7] chun críocha sínithe an CA.

— OVR-6.5.1-01B Beidh an t-eochairfhad agus an t-algartam roghnaithe le haghaidh eochair shínithe CA i gcomhréir leis na Sásraí Cripteagrafacha Comhaontaithe arna bhformhuiniú ag an nGrúpa Eorpach um Dheimhniú Cibearshlándála agus arna bhfoilsiú ag ENISA[7] chun críocha sínithe an CA.

— OVR-6.5.1-01C [COINNÍOLLACH] Má ghineann an CA eochracha an ábhair, beidh eochracha ábhair a ghintear le CA i gcomhréir leis na Sásraí Cripteagrafacha Comhaontaithe arna bhformhuiniú ag an nGrúpa Eorpach um Dheimhniú Cibearshlándála agus arna bhfoilsiú ag ENISA[7] chun na gcríoch a luaitear sa phointe rialaithe le linn am bailíochta an deimhnithe.

(12) 6.5.2 Cosaint phríobháideach eochracha agus rialuithe innealtóireachta modúl cripteagrafacha

— GEN-6.5.2-01 Beidh feidhm ag gach ceanglas a shainaithnítear in ETSI EN 319 411-1 [2], clásal 6.5.2, seachas ceanglais OVR-6.5.2-01, OVR-6.5.2-03 agus OVR-6.5.2-04.

— GEN-6.5.2-02 Déanfar giniúint eochairphéire SSI, lena n-áirítear eochracha a úsáideann seirbhísí cúlghairme agus clárúcháin, laistigh de ghléas cripteagrafach slán ar córas iontaofa é atá deimhnithe i gcomhréir le:

— Critéir Choiteanna maidir le Meastóireacht Slándála Teicneolaíochta Faisnéise, mar a leagtar amach in ISO/IEC 15408 [10] nó i gCritéir Choiteanna maidir le Meastóireacht Slándála Teicneolaíochta Faisnéise, leagan CC:2002, Codanna 1 go 5, arna bhfoilsiú ag rannpháirtithe an tSocraithe maidir le Deimhnithe Critéar Coiteann a Aithint i réimse na Slándála TF, agus deimhnithe do EAL 4 nó níos airde; nó

— an scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála bunaithe ar Chritéir Choiteanna (DCAE) [8][9] agus deimhnithe do EAL 4 nó níos airde; nó

— go dtí an 31.12.2030, FIPS PUB 140-3 [11] leibhéal 3.

Déanfar an deimhniú sin chuig sprioc slándála nó próifíl cosanta, nó chuig dearadh modúil agus doiciméadacht slándála, a chomhlíonann ceanglais an doiciméid seo, bunaithe ar anailís riosca agus bearta slándála fisiciúla agus neamhtheicniúla eile á gcur san áireamh.

Má bhaineann an gléas cripteagrafach slán tairbhe as deimhniú DCAE [8][9], déanfar an gléas sin a chumrú agus a úsáid i gcomhréir leis an deimhniú sin.

— GEN-6.5.2-03 Déanfar an eochair sínithe phríobháidigh CA a choinneáil agus a úsáid laistigh de ghléas cripteagrafach slán a chomhlíonann ceanglais GEN-6.5.2-01 agus GEN-6.5.2-02.

(13) 6.5.7 Rialuithe Slándála Líonra

— OVR-6.5.7-02 Déanfar an scanadh leochaileachta arna iarraidh le REQ-7.8-13 de ETSI EN 319 401 [1] uair amháin in aghaidh na ráithe ar a laghad.

— OVR-6.5.7-03 Déanfar an bréagionsaí tástála arna hiarraidh ag REQ-7.8-17X de ETSI EN 319 401 [1] uair sa bhliain ar a laghad.

— OVR-6.5.7-04 Déanfar ballaí dóiteáin a chumrú chun gach prótacal agus rochtain nach bhfuil gá leis chun SSI a oibriú a chosc.

(14) 6.6.1 Próifíl an deimhnithe

— GEN-6.6.1-05 Áireofar sa deimhniú ceann de na haitheantóirí beartais a shainaithnítear in GEN-6.3.3-03 [ROGHA]. Féadfar OIDanna eile arna leithdháileadh ag an SSI a áireamh sa deimhniú.

2. Le haghaidh ETSI EN 319 412-2

(1) 2.1 Tagairtí normatacha

— [2] ETSI EN 319 412-5 V2.5.1 'Ríomhshínithe agus Bonneagair Iontaoibhe; Próifílí Deimhnithe; Cuid 5: RáitisRC'.

— [9] An Grúpa Eorpach um Dheimhniú Cibearshlándála, Foghrúpa maidir le Cripteagrafaíocht, 'Sásraí Cripteagrafacha Comhaontaithe' arna bhfoilsiú ag ENISA.

(2) 4.2.2 Síniú

— GEN-4.2.2-2 Roghnófar algartam sínithe i gcomhréir leis na Sásraí Cripteagrafacha Comhaontaithe arna bhformhuiniú ag an nGrúpa Eorpach um Dheimhniú Cibearshlándála agus arna bhfoilsiú ag ENISA [9].

— NÓTA ar neamhní.

(3) 4.2.3.1 Eisitheoirí daoine dlítheanacha

— GEN-4.2.3.1-3 Más eol uimhir chlárúcháin iomchuí a bheith ann, beidh aitheantas eagraíochta san eisitheoir ina mbeidh luach na huimhreach clárúcháin sin mar atá luaite sa taifead oifigiúil comhfhreagrach lena suitear an uimhir chlárúcháin sin.

(4) 4.2.5 Faisnéis faoin ábhar maidir le heochair phoiblí

— GEN-4.2.5-2 Roghnófar an eochair phoiblí ábhair i gcomhréir leis na Sásraí Cripteagrafacha Comhaontaithe arna bhformhuiniú ag an nGrúpa Eorpach um Dheimhniú Cibearshlándála agus arna bhfoilsiú ag ENISA [9].

— NÓTA ar neamhní.

(5) 4.2.6 Sraithuimhir

— GEN-4.2.6-01 Beidh an deimhniú serialNumber (mar a shonraítear in IETF RFC 5280 [1], clásal 4.1.2.2) uathúil i gcás gach deimhnithe arna eisiúint ag an SSI.

IARSCRÍBHINN II

Liosta caighdeán tagartha agus sonraíochtaí le haghaidh deimhnithe cáilithe le haghaidh ríomhshéalaí

Tá feidhm ag na caighdeáin ETSI EN 319 411-2 V2.6.1 ('ETSI EN 319 411-2'), ETSI EN 319 412-1 V1.6.1 ('ETSI EN 319 412-1'), ETSI EN 319 412-3 V1.3.1 ('ETSI EN 319 412-3'), ETSI EN 319 412-2 V2.4.1 ('ETSI EN 319 412-2'), agus ETSI EN 319 412-5 V2.5.1 ('ETSI EN 319 412-5') leis na hoiriúnuithe seo a leanas:

1. Le haghaidh ETSI EN 319 411-2

(1) 2.1 Tagairtí normatacha

— [1] ETSI EN 319 401 V3.1.1 (2024-06) 'Ríomhshínithe agus Bonneagair Iontaoibhe; Ceanglais Bheartais Ghinearálta le haghaidh Soláthraithe Seirbhísí Iontaoibhe'.

— [2] ETSI EN 319 411-1 V1.5.1 (2025-04) 'Ríomhshínithe agus Bonneagair Iontaoibhe; Ceanglais bheartais agus slándála do sholáthraithe seirbhísí iontaoibhe a eisíonn deimhnithe; Cuid 1: Ceanglais ghinearálta', leis na hoiriúnuithe seo a leanas:

Clásal 2.1 Déanfar tagairtí normatacha ETSI EN 319 411-1 V1.5.1 a leasú mar a leanas:

— [9] ETSI EN 319 401 V3.1.1 (2024-06) 'Ríomhshínithe agus Bonneagair Iontaoibhe; Ceanglais Bheartais Ghinearálta le haghaidh Soláthraithe Seirbhísí Iontaoibhe'.

— [10] ETSI EN 319 412-2 V2.4.1 'Ríomhshínithe agus Ríomhbhonneagair; Próifílí Deimhnithe; Cuid 2: Próifíl deimhnithe le haghaidh deimhnithe arna n-eisiúint do dhaoine nádúrtha'.

— [14] ETSI EN 319 412-1 V1.6.1 'Ríomhshínithe agus Ríomhbhonneagair; Próifílí Deimhnithe; Cuid 1: Forléargas agus struchtúir choiteanna sonraí'.

— [3] ETSI EN 319 412-5 V2.5.1 'Ríomhshínithe agus Bonneagair Iontaoibhe; Próifílí Deimhnithe; Cuid 5: RáitisRC'.

— [5] ETSI EN 319 412-1 V1.6.1 'Ríomhshínithe agus Bonneagair Iontaoibhe; Próifílí Deimhnithe; Cuid 1: Forléargas agus struchtúir choiteanna sonraí'.

— [6] CEN/TS 419261:2015 'Ceanglais slándála le haghaidh córais iontaofa lena mbainistítear deimhnithe agus stampaí ama', (arna dtáirgeadh ag CEN).

— [7] An Grúpa Eorpach um Dheimhniú Cibearshlándála, Foghrúpa maidir le Cripteagrafaíocht: 'Sásraí Cripteagrafacha Comhaontaithe' arna bhfoilsiú ag ENISA.

— [8] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/482 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2019/881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le glacadh na scéime Eorpaigh um dheimhniú cibearshlándála bunaithe ar Chritéir Choiteanna (SEDC).

— [9] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3144 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/482 a mhéid a bhaineann leis na caighdeáin idirnáisiúnta is infheidhme agus lena gceartaítear an Rialachán Cur Chun Feidhme sin.

— [10] ISO/IEC 15408:2022 (codanna 1 go 5) 'Slándáil faisnéise, cibearshlándáil agus cosaint príobháideachais – Critéir mheastóireachta maidir le slándáil TF'.

— [11] FIPS PUB 140-3 (2019) 'Ceanglais Slándála maidir le Modúil Chripteagrafacha'.

(2) 5.2 Ceanglais maidir le Ráiteas Cleachtais Deimhniúcháin

— OVR-5.2-02 Sonrófar sa phointe/sna pointí rialaithe a shainaithnítear i ndoiciméadacht an SSI na ceanglais maidir le próifílí deimhnithe atá le húsáid.

(3) 5.3 Ainm agus aitheantas bheartas an deimhnithe

— OVR-5.3-01 Má dhéantar aon athrú ar phointe rialaithe mar a thuairiscítear i gclásal 4.2.2 a dhéanann difear don infheidhmeacht, ansin athrófar an t-aitheantóir beartais.

(4) 6.1 Freagrachtaí foilseacháin agus stóir

— OVR-6.1-02 Beidh an fhaisnéis a shainaithnítear in DIS-6.1-04 de ETSI EN 319 411-1 [2] ar fáil go poiblí agus go hidirnáisiúnta.

(5) 6.2.2 Bailíochtú aitheantais tosaigh

— REG-6.2.2-01A Déanfar bailiú tréithe agus fianaise ar chéannacht an ábhair chomh maith lena mbailíochtú mar a shonraítear i gcomhréir leis na gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun Airteagal 24(1c) de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 [i.1].

— REG-6.2.2-03 [QCP-l] agus [QCP-l-qscd] Déanfar céannacht an duine dhlítheanaigh agus, más infheidhme, aon tréithe sonracha de chuid an duine, a fhíorú i gcomhréir leis na gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun Airteagal 24(1c) de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 [i.1].

— NÓTA 3 Féach nóta 2.

(6) 6.3.3 Eisiúint deimhnithe

— GEN-6.3.3-01 Beidh feidhm ag na ceanglais GEN-6.3.3-01 go GEN-6.3.3-10 a shainaithnítear in ETSI EN 319 411-1 [2], clásal 6.3.3.

— GEN-6.3.3-02 Is é [ROGHA] a bheidh mar aitheantóir CP:

(a) [QCP-l]

— mar a shonraítear i gclásal 5.3, mír (b), agus/nó

— OID, arna leithdháileadh ag an SSI, páirtí leasmhar ábhartha eile nó caighdeánú breise le haghaidh beartas deimhnithe lena bhfeabhsaítear na ceanglais bheartais chomhfhreagracha is infheidhme a shainítear sa doiciméad seo.

(b) [QCP-l-qscd]

— mar a shonraítear i gclásal 5.3, mír (d), agus/nó

— OID, arna leithdháileadh ag an SSI, páirtí leasmhar ábhartha eile nó caighdeánú breise le haghaidh beartas deimhnithe lena bhfeabhsaítear na ceanglais bheartais is infheidhme a shainítear sa doiciméad seo.

(7) 6.3.5 Úsáid Péire agus Deimhnithe Eochrach

— SDP-6.3.5-02A [COINNÍOLLACH] Má bhainistíonn an SSI QSCD don ábhar, beidh an SSI ina sholáthraí cáilithe seirbhísí iontaoibhe a sholáthraíonn seirbhís iontaoibhe cháilithe chun gléas cruthaithe ríomhshéalaí cáilithe cianda a bhainistiú, i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 [i.1]

— SDP-6.3.5-11A Áireofar an méid seo a leanas in oibleagáidí an rannpháirtí (féach clásal 6.3.4) má ghineann an síntiúsóir nó an t-ábhar eochracha an duine is ábhar:

(a) oibleagáid eochracha an ábhair a ghiniúint trí úsáid a bhaint as algartam a chomhlíonann na Sásraí Cripteagrafacha Comhaontaithe arna bhformhuiniú ag an nGrúpa Eorpach um Dheimhniú Cibearshlándála agus arna bhfoilsiú ag ENISA [7] le haghaidh úsáidí na heochrach deimhnithe mar a shainaithnítear sa phointe rialaithe; agus

(b) oibleagáid eochairfhad agus algartam a úsáid a chomhlíonann na Sásraí Cripteagrafacha Comhaontaithe arna bhformhuiniú ag an nGrúpa Eorpach um Dheimhniú Cibearshlándála agus arna bhfoilsiú ag ENISA [7] le haghaidh úsáidí na heochrach deimhnithe mar a shainaithnítear sa phointe rialaithe le linn am bailíochta an deimhnithe.

(8) 6.3.10 Seirbhísí Stádais Deimhnithe

— CSS-6.3.10-08 [COINNÍOLLACH] Má sholáthraítear CRLanna, caomhnóidh an SSI sláine agus infhaighteacht an CRL deiridh ar feadh na tréimhse a shonraítear in CPS mar a iarrtar in CSS-6.3.10-12 ar a laghad.

(9) 6.4.4 Rialuithe Pearsanra

— OVR-6.4.4-02 Beidh pearsanra SSI i róil iontaofa, agus más infheidhme a fhochonraitheoirí i róil iontaofa, in ann an ceanglas maidir le 'saineolas, taithí agus cáilíochtaí' a chomhlíonadh trí oiliúint fhoirmiúil agus dintiúir, nó trí thaithí iarbhír, nó trí mheascán den dá cheann.

— OVR-6.4.4-03 Áireofar le comhlíonadh OVR-6.4.4-02 nuashonruithe rialta (gach 12 mhí ar a laghad) ar bhagairtí nua agus ar chleachtais slándála reatha.

— OVR-6.4.4-04 Anuas ar na róil iontaofa a shainaithnítear in ETSI EN 319 401 [1], (clásal 7.2-15), tacófar le róil iontaofa na n-oifigeach clárúcháin agus cúlghairme a bhfuil freagrachtaí orthu mar a shainmhínítear in TS 419261 [6]. I gcásanna ina bhfuil QTSP á bhainistiú go díreach ag Ballstát nó ag comhlacht earnála poiblí nó á oibriú thar a gceann, féadfaidh ionadaí foirmiúil amháin nó níos mó, ag gníomhú dóibh thar ceann agus thar ceann na n-oifigeach clárúcháin agus cúlghairme atá i gceannas i riaracháin áitiúla nó réigiúnacha, na róil iontaofa bhreise sin a chomhlíonadh.

(10) 6.4.9 Foirceannadh CA nó RA

— OVR-6.4,9-02 Comhlíonfaidh plean foirceanta SSI na ceanglais a leagtar amach sna gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun Airteagal 24(5) de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 [i.1].

(11) 6.5.1 Giniúint agus Suiteáil Eochairphéire

— OVR-6.5.1-01A Déanfar giniúint eochairphéire CA trí úsáid a bhaint as algartam a chomhlíonann na Sásraí Cripteagrafacha Comhaontaithe arna bhformhuiniú ag an nGrúpa Eorpach um Dheimhniú Cibearshlándála agus arna bhfoilsiú ag ENISA [7] chun críocha sínithe an CA.

— OVR-6.5.1-01B Beidh an t-eochairfhad agus an t-algartam roghnaithe le haghaidh eochair shínithe CA i gcomhréir leis na Sásraí Cripteagrafacha Comhaontaithe arna bhformhuiniú ag an nGrúpa Eorpach um Dheimhniú Cibearshlándála agus arna bhfoilsiú ag ENISA[7] chun críocha sínithe an CA.

— OVR-6.5.1-01C [COINNÍOLLACH] Má ghineann an CA eochracha an ábhair, beidh eochracha ábhair a ghintear le CA i gcomhréir leis na Sásraí Cripteagrafacha Comhaontaithe arna bhformhuiniú ag an nGrúpa Eorpach um Dheimhniú Cibearshlándála agus arna bhfoilsiú ag ENISA[7] chun na gcríoch a luaitear sa phointe rialaithe le linn am bailíochta an deimhnithe.

(12) 6.5.2 Cosaint phríobháideach eochracha agus rialuithe innealtóireachta modúl cripteagrafacha

— GEN-6.5.2-01 Beidh feidhm ag gach ceanglas a shainaithnítear in ETSI EN 319 411-1 [2], clásal 6.5.2, seachas ceanglais OVR-6.5.2-01, OVR-6.5.2-03 agus OVR-6.5.2-04.

— GEN-6.5.2-02 Déanfar giniúint eochairphéire SSI, lena n-áirítear eochracha a úsáideann seirbhísí cúlghairme agus clárúcháin, laistigh de ghléas cripteagrafach slán ar córas iontaofa é atá deimhnithe i gcomhréir le:

  — Critéir Choiteanna maidir le Meastóireacht Slándála Teicneolaíochta Faisnéise, mar a leagtar amach in ISO/IEC 15408 [10] nó i gCritéir Choiteanna maidir le Meastóireacht Slándála Teicneolaíochta Faisnéise, leagan CC:2002, Codanna 1 go 5, arna bhfoilsiú ag rannpháirtithe an tSocraithe maidir le Deimhnithe Critéar Coiteann a Aithint i réimse na Slándála TF, agus deimhnithe do EAL 4 nó níos airde; nó

  — an scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála bunaithe ar Chritéir Choiteanna (DCAE) [8][9] agus deimhnithe do EAL 4 nó níos airde; nó

  — go dtí an 31.12.2030, FIPS PUB 140-3 [11] leibhéal 3.

Déanfar an deimhniú sin chuig sprioc slándála nó próifíl cosanta, nó chuig dearadh modúil agus doiciméadacht slándála, a chomhlíonann ceanglais an doiciméid seo, bunaithe ar anailís riosca agus bearta slándála fisiciúla agus neamhtheicniúla eile á gcur san áireamh.

Má bhaineann an gléas cripteagrafach slán tairbhe as deimhniú DCAE [8][9], déanfar an gléas sin a chumrú agus a úsáid i gcomhréir leis an deimhniú sin.

— GEN-6.5.2-03 Déanfar an eochair sínithe phríobháidigh CA a choinneáil agus a úsáid laistigh de ghléas cripteagrafach slán a chomhlíonann ceanglais GEN-6.5.2-01 agus GEN-6.5.2-02.

(13) 6.5.7 Rialuithe Slándála Líonra

— OVR-6.5.7-02 Déanfar an scanadh leochaileachta arna iarraidh le REQ-7.8-13 de ETSI EN 319 401 [1] uair amháin in aghaidh na ráithe ar a laghad.

— OVR-6.5.7-03 Déanfar an bréagionsaí tástála arna hiarraidh ag REQ-7.8-17X de ETSI EN 319 401 [1] uair sa bhliain ar a laghad.

— OVR-6.5.7-04 Déanfar ballaí dóiteáin a chumrú chun gach prótacal agus rochtain nach bhfuil gá leis chun SSI a oibriú a chosc.

(14) 6.6.1 Próifíl an deimhnithe

— GEN-6.6.1-05 Áireofar sa deimhniú ceann de na haitheantóirí beartais a shainaithnítear in GEN-6.3.3-02 [ROGHA].

2. Le haghaidh ETSI EN 319 412-3

(1) 2.1 Tagairtí normatacha

— [2] ETSI EN 319 412-2 V2.4.1 'Ríomhshínithe agus Ríomhbhonneagair; Próifílí Deimhnithe; Cuid 2: Deimhniú Próifíl le haghaidh deimhnithe arna n-eisiúint do dhaoine nádúrtha'.

(2) 4.2.1 Ábhar

— LEG-4.2.1-6 Beidh sainaithint na heagraíochta ábhair nach ionann é agus ainm na heagraíochta sa tréith aitheantóir eagraíochta. Más eol uimhir chlárúcháin iomchuí a bheith ann, beidh luach na huimhreach clárúcháin sin sa tréith aitheantóra eagraíochta mar a shonraítear sa taifead oifigiúil comhfhreagrach lena mbunaítear an uimhir chlárúcháin sin.

3. Maidir le ETSI EN 319 412-2:

(1) 2.1 Tagairtí normatacha

— [2] ETSI EN 319 412-5 V2.5.1 'Ríomhshínithe agus Bonneagair Iontaoibhe; Próifílí Deimhnithe; Cuid 5: RáitisRC'.

— [9] An Grúpa Eorpach um Dheimhniú Cibearshlándála, Foghrúpa maidir le Cripteagrafaíocht: 'Sásraí Cripteagrafacha Comhaontaithe' arna bhfoilsiú ag ENISA.

(2) 2.2 Tagairtí faisnéise

— [i.7] ar neamhní.

(3) 4.2.2 Síniú

— GEN-4.2.2-2 Roghnófar algartam sínithe i gcomhréir leis na Sásraí Cripteagrafacha Comhaontaithe arna bhformhuiniú ag an nGrúpa Eorpach um Dheimhniú Cibearshlándála agus arna bhfoilsiú ag ENISA [9].

— NÓTA ar neamhní.

(4) 4.2.3.1 Eisitheoirí daoine dlítheanacha

— GEN-4.2.3.1-3 Más eol uimhir chlárúcháin iomchuí a bheith ann, beidh aitheantas eagraíochta san eisitheoir ina mbeidh luach na huimhreach clárúcháin sin mar atá luaite sa taifead oifigiúil comhfhreagrach lena suitear an uimhir chlárúcháin sin.

(5) 4.2.5 Faisnéis faoin ábhar maidir le heochair phoiblí

— GEN-4.2.5-2 Roghnófar an eochair phoiblí ábhair i gcomhréir leis na Sásraí Cripteagrafacha Comhaontaithe arna bhformhuiniú ag an nGrúpa Eorpach um Dheimhniú Cibearshlándála agus arna bhfoilsiú ag ENISA [9].

— NÓTA ar neamhní.

(6) 4.2.6 Sraithuimhir

— GEN-4.2.6-01 Beidh an deimhniú serialNumber (mar a shonraítear in IETF RFC 5280 [1], clásal 4.1.2.2) uathúil i gcás gach deimhnithe arna eisiúint ag an SSI.